# IARSCRÍBHINN I - Substaintí a ídíonn ózón (SÍÓnna)

## An chaoi leis an gceistneoir ar líne a líonadh isteach

*Treoracha do ghnóthais atá ag cur isteach sonraí maidir le hAirteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 (an Rialachán maidir le SÍÓnna)*

Má osclaíonn tú ceistneoir chun Substaintí a Ídíonn Ózón (SÍÓnna) a thuairisciú, osclóidh an fhoirm 'Réamhrá' ar dtús. Tugtar eolas ar an bhfoirm sin faoi na daoine/gnóthais ar cheart dóibh an ceistneoir sin a úsáid le tuairisciú a dhéanamh. Sa chúinne ar dheis ar bharr an leathanaigh, feicfidh tú an t-eolas faoi do ghnóthas féin agus faoi bhliain an idirbhirt (an bhliain tagartha).

Is féidir leat na táib sa limistéar liath os cionn bholg na foirme a úsáid chun bogadh ó fhoirm go foirm. Is féidir, freisin, an cnaipe 'An chéad fhoirm eile' sa limistéar liath thíos faoi bholg na foirme a úsáid chun an ceistneoir a líonadh san ord ceart. Feidhmíonn na cnaipí 'Sábháil', 'Sábháil agus dún' agus 'Cealaigh' de réir na bprionsabal atá leagtha amach ar leathanach 9 de lámhleabhar an BDR.


Ozone-Depleting Substances Report

Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

Introduction | Company details | Substances

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

**Introduction**

This form is to be used by:

- **Producers** of controlled substances;
- **Importers** of controlled and new substances, including imports for destruction;
- **Exporters** of controlled and new substances;
- **Destruction facilities** destroying controlled substances;
- **Feedstock and/or process agent users** of controlled substances;

Depending on the selected activity or activities, this form is to be used to report production, sales, imports, stocks, exports, use and destruction per individual substance. You only need to complete the tables that are accessible.

For abbreviations and definition of terms used, see the regulation available on http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2009:286:0001:0030:EN:PDF

This report shall not contain data from any facility in a different Member State of the European Union even if owned by the reporting undertaking. All figures shall be reported in kilograms with an accuracy of ± 1 kg. It is not necessary to provide decimals. Always round up to the next kg. Use of commas, points or spaces to indicate decimals or thousand dividers is not possible.

Before completing this form please read the reporting manual available on our website: http://circa.europa.eu/Public/irc/env/review_2037/library?l=/reporting_article.

Next form

Save | Save & close | Cancel

*An fhoirm 'Réamhrá'*

Sula bhféadfaidh tú sonraí a thuairisciú beidh ort 'Sonraí na cuideachta' a dhearbhú. Beidh ort an táb comhfhreagrach ar bharr an leathanaigh nó an cnaipe 'An chéad fhoirm eile' ag bun an leathanaigh a bhrú. Ansin feicfidh tú an scáileán seo thíos:


Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

Ozone-Depleting Substances Report

Introduction | Company details | Substances

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

Company information

*Do not include any data from legal entities other than the one indicated below (e.g. subsidiaries or sister companies). Each legal entity needs to complete an individual form.*

| | |
|---|---|
| **Company name** | Business Reporter Testing Ltd |
| **Company address** | Clucerului 55 |
| | Bucuresticentre |
| **Post code** | 011364 |
| **Country** | Romania |
| **EORI code:** | eori11 ? |
| **VAT code:** | RO111111111111111 |
| Contact person | Ods Reporter |
| Phone number | 111 |
| Fax number | 222 |
| E-mail address | ods@ods.ods |
| Confirm or modify | Confirm Modify |

**Important note:**

Please make sure that all the information provided in this page is correct before clicking on the 'Confirm' button. After this point you will not be able to change your company data.

If you need to change the information provided, please click on the 'Modify' button and after correcting company's information you can continue with the questionnaire in BDR envelope.

*Tábla 1: 'Sonraí na Cuideachta' - Céim 1*

Is féidir leat 'Dearbhaigh' a bhrú leis an eolas faoin gcuideachta a dhearbhú nó 'Athraigh' a bhrú le haon mhionsonraí a athrú má fheiceann tú go bhfuil botún san eolas sin. Má bhrúnn tú 'Athraigh', fágfaidh tú an ceistneoir ar líne agus fillfidh tú ar an BDR (leathanach: Athraigh sonraí na heagraíochta). Osclóidh fuinneog teachtaireachta ina dtabharfar rabhadh duit go bhfuil tú chun an leathanach gréasáin seo a fhágáil. Tar éis duit na hathruithe cuí a dhéanamh ar an leathanach 'Athraigh sonraí na heagraíochta', fillfidh tú ar an gceistneoir arís agus beidh ort sonraí nua do chuideachta a dhearbhú.

**Déan cinnte de, le do thoil, go bhfuil gach eolas a bhaineann le do chuideachta cruinn ag an gcéim seo den phróiseas, mar nach mbeidh seans eile agat an t-eolas sin a athrú nuair a thosóidh tú ag líonadh an cheistneora!**

**Ní foláir cód EORI a sholáthar má tá tú chun tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hallmhairiú/onnmhairiú!**

Nuair a bheidh an t-eolas faoin gcuideachta dearbhaithe agat, beidh tú in ann an bhliain tagartha ('bliain an idirbhirt') agus na cineálacha gníomhaíochtaí a rinne do chuideachta le linn na bliana sin a thabhairt le fios. Beidh ort gníomhaíochtaí a roghnú sna cásanna seo a leanas:

- Táirgeadh: má tháirg tú substaintí rialaithe nó substaintí nua le linn bhliain an idirbhirt agus/nó má bhí stoic a bhí fágtha ó tháirgeadh na bliana roimhe sin i do sheilbh;
- Allmhairiú: má d'allmhairigh tú substaintí rialaithe nó substaintí nua le linn bhliain an idirbhirt agus/nó má bhí stoic a bhí fágtha ón mbliain roimhe sin i do sheilbh;
- Onnmhairiú: má d'onnmhairigh tú substaintí rialaithe nó substaintí nua le linn bhliain an idirbhirt agus/nó má bhí stoic a bhí fágtha ón mbliain roimhe sin i do sheilbh;

- Díothú: más saoráid díothúcháin atá agat agus gur dhíothaigh tú substaintí rialaithe le linn bhliain an idirbhirt nó más táirgeoir thú agus gur dhíothaigh tú substaintí rialaithe nó substaintí nua i do shaoráid féin le linn bhliain an idirbhirt;

- Úsáid mar bhunábhar: má d'úsáid tú substaintí rialaithe mar bhunábhar le linn bhliain an idirbhirt nó má thug tú tuairisc ar úsáidí mar bhunábhar i mblianta roimhe sin agus má tá stoic i do sheilbh fós agat;

- Úsáid mar oibreán próisis: má d'úsáid tú substaintí rialaithe mar oibreáin phróisis le linn bhliain an idirbhirt nó má thug tú tuairisc ar úsáidí mar oibreáin phróisis i mblianta roimhe sin agus má tá stoic i do sheilbh fós agat;

- Níl dualgas tuairiscithe ann: mura bhfuil aon eolas agat le tuairisciú.



Information on transactions to be reported (Year, Activity):

Transaction year

(Year to which this report applies) 2013

Ozone-depleting substances transactions

Production

Import

Export

Destruction

Process agent use

Feedstock use

Not obliged to report (NIL report)*

*No activity this year or only activities related to imports and/or exports of products and equipment containing or relying on ODS

Confirm the information on transactions (Year, Activities)

To 'Confirm the information on transactions' you need to confirm your company information first.

Previous form

Save | Save & close | Cancel

*Tábla 1: Eolas faoi na hidirbhearta atá le tuairisciú (Bliain, Gníomhaíocht) - Céim 2*

Tabhair faoi deara nach mbeidh na táblaí uile a ndéantar cur síos orthu sna leathanaigh seo a leanas le feiceáil a thuilleadh tar éis na céime seo den phróiseas. Is é an chúis leis sin go bhfuil na táblaí a thaispeántar sa cheistneoir ar líne ag brath ar na cineálacha gníomhaíochtaí a thuairisceoidh tú ag an bpointe seo. Mar sin féin, beidh na táblaí ábhartha uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait ar fáil duit. Mar eolas duit, seo liosta de na táblaí a fhreagraíonn do na gníomhaíochtaí éagsúla is féidir a roghnú:

Táirgeadh: Tábla 3, Tábla 4, Tábla 5, Tábla 6, Tábla 8, Tábla 9, Tábla 10, Tábla 13

Allmhairiú: Tábla 6, Tábla 7, Tábla 8, Tábla 10, Tábla 13

Onnmhairiú: Tábla 6, Tábla 8, Tábla 10, Tábla 11, Tábla 13

Díothú: Tábla 6, Tábla 8, Tábla 14

Úsáid mar oibreán próisis/ Úsáid mar bhunábhar: Tábla 6, Tábla 8, Tábla 10, Tábla 12

Ansin, beidh ort an cnaipe 'Dearbhaigh an t-eolas faoi idirbhearta (Bliain, Gníomhaíochtaí)' a bhrú le bogadh ar aghaidh chuig an gcéad scáileán eile, áit a mbeidh tú in ann na substaintí le tuairisciú a iontráil:




*Tábla 2: 'Sainiú substaintí'*

Le substaint a chur le do thuairisc, beidh ort í a roghnú ón roghchlár anuas agus an cnaipe 'Cuir leis' atá taobh leis an liosta a bhrú. Is féidir substaint atá in easnamh ón liosta a chur leis freisin ach ainm na substainte sin a chlóscríobh sa réimse téacs oscailte agus an cnaipe 'Cuir leis' atá ar thaobh na láimhe deise den réimse téacs sin a bhrú. Bí chomh beacht agus is féidir, agus tabhair le fios go sonrach más substaint úríon nó substaint neamh-úríon atá ann. Má tharlaíonn gur roghnaigh tú substaint nach dteastaíonn uait a thuairisciú agus gur chuir tú leis an liosta í, is féidir substaintí a bhaint den liosta ach an cnaipe '-' a chliceáil.

Sa chéad chéim eile ('Tábla 3'), beidh ort na cainníochtaí den tsubstaint a tháirg do ghnóthas sa bhliain tagartha a thabhairt le fios:




*Tábla 3: 'Táirgeadh iomlán'*

Sular féidir tuairisc a dhéanamh san fhoirm seo, beidh ort an cnaipe 'Cuir leis' a bhrú agus an cineál úsáide a bhaineann leat a roghnú sa roghchlár anuas. Má roghnaíonn tú 'Eile' sa liosta anuas, iarrfar ort tuilleadh sonraí a thabhairt faoin úsáid atá beartaithe leis an gcainníocht a táirgeadh. Nuair a bheidh úsáid roghnaithe agat agus aon sonraí breise (más gá) líonta isteach agat, beidh ort an cnaipe 'Cuir leis' a bhrú chun an úsáid sin a chur le tábla na tuairisce. Is féidir níos mó ná úsáid amháin a chur leis an tábla sin.

Ní gá ach na cealla a líonadh isteach chun na cainníochtaí a táirgeadh de gach substaint atá luaite ar bharr an cholúin a thuairisciú maidir le gach úsáid. Taobh amuigh d'úsáid saotharlainne agus úsáid mar bhunábhar, is é an táirgeadh iomlán atá i gceist anseo, is cuma má tá sé leagtha amach le húsáid san AE nó nach bhfuil. Nuair is úsáid saotharlainne agus úsáid mar bhunábhar atá i gceist, ní mór na sonraí a mhiondealú idir an táirgeadh chun críche úsáide san AE agus an táirgeadh chun críche úsáide lasmuigh den AE. Tabhair faoi deara go gcaithfear na cainníochtaí a thabhairt i gcileagraim sna foirmeacha uile agus nár cheart duit camóga, pointí ná spásanna a úsáid.

Nuair a bheidh tú sásta leis an tuairisc is féidir bogadh ar aghaidh chuig an gcéad fhoirm eile ('Tábla 4'). San fhoirm seo, beidh ort na cainníochtaí a táirgeadh faoi chuíchóiriú tionsclaíoch a thabhairt le fios mar atá leagtha amach in Airteagal 14 den Rialachán. Cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir leis' agus líon isteach an t-eolas a iarrtar. Beidh ort an gnóthas a d'aistrigh na cearta chugat a thabhairt le fios agus beidh ort an úsáid a bhí mar sprioc leis an táirgeadh sin a roghnú. Cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir leis' chun an úsáid sin a chur le tábla na tuairisce agus féadfaidh tú na cainníochtaí de gach substaint a thuairisciú de réir mar is gá. Beidh ort ró breise a chur leis an tábla maidir le gach gnóthas a rinne aistriú agus gach teaglaim úsáidí.




*Tábla 4: 'Táirgeadh faoi chuíchóiriú tionsclaíoch'*

Sa chéad fhoirm eile (Tábla 5), beidh ort eolas a thabhairt faoi na cainníochtaí a athchúrsáladh agus a mínghlanadh. Ní gá a áireamh ach cainníochtaí athchúrsáilte nó mínghlanta de shubstaintí rialaithe nó de shubstaintí nua atá ag do ghnóthas. Níor chóir sonraí a bhaineann le hathchúrsáil nó le mínghlanadh a rinneadh i ngnóthais eile a áireamh. Ní gá ach na cealla folmha a líonadh isteach maidir le gach substaint ar leith a thug tú le fios.


Ozone-Depleting Substances Report

Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

Introduction | Company details | Substances

Table 3 | Table 4 | Table 5 | Table 6 | Table 7 | Table 8 | Table 9 | Table 10 | Table 11 | Table 12 | Table 13 | Table 14 | Finish

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

5. Recycling and reclamation by producers

(all quantities in kilograms, do not use any commas, points or spaces.)

| Recycling and reclamation (for any uses inside or outside EU) | CFC-11 (virgin) | CFC-13 (non-virgin) | CFC-113 (virgin) |
|---|---|---|---|
| Total quantity recycled | 22 | 12 | 0 |
| Total quantity reclaimed | 3 | 222 | 0 |
| **Total** | **25** | **234** | **0** |

Previous form | Next form

Save | Save & close | Cancel | Print preview | Run QA

*Tábla 5: 'Athchúrsáil agus mínghlanadh ag táirgeoirí'*

I dTábla 6, beidh ort eolas a thabhairt faoi na cainníochtaí de shubstaintí rialaithe agus de shubstaintí nua (más gá) a fuarthas ar mhodh ar bith ó ghnóthais eile san AE. Ina measc tá na cainníochtaí uile isteach, m.sh. ceannacháin, earraí a tugadh ar ais agus aon mhodh eile ina bhfuarthas cainníochtaí isteach, is cuma ar íocaíocht nó saor in aisce. Ba chóir aon chainníochtaí a fuair tú ó ionaid atá ag do ghnóthas féin i mBallstát eile san AE a áireamh anseo freisin. Gnóthais atá cláraithe chun HCFC a athphacáistiú faoi Airteagal 11(5) den Rialachán, beidh orthu áit tionscnaimh na n-earraí a d'athphacáistigh siad a thabhairt le fios. Maidir le hearraí a fuarthas ar ais ó chliant, is í an úsáid a bhí mar sprioc leis na substaintí sin a sheol tú chuig an gcliant a chéaduair ba chóir a thuairisciú.

Ba chóir an soláthróir (ainm na cuideachta, seoladh agus tír) agus an cineál úsáide a bhí beartaithe a thabhairt le fios freisin san fhoirm seo ach cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir leis' agus an t-eolas ábhartha a líonadh isteach sna réimsí lena mbaineann (féach freisin *Tábla 6*).
Más saoráid díothúcháin atá agat agus go bhfuair tú dramhaíl ó ghnóthais eile, ní gá sonraí an tsoláthróra a thabhairt ach amháin má fuarthas 1000 kg nó níos mó ón ngnóthas sin. Is féidir na sonraí a bhaineann leis na gnóthais uile a sholáthair cainníocht faoi bhun 1000 kg a chomhiomlánú. Sa chás sin iontráil 'comhiomlánaithe' mar ainm cuideachta, 'comhiomlánaithe' mar sheoladh cuideachta agus ainm do thíre féin.




*Tábla 6: 'Cainníochtaí a fuarthas ó ghnóthais san AE (e.g. ceannacháin)'*




*Tábla 7: 'Allmhairiú iomlán ó thíortha nó ó chríocha lasmuigh den AE (e.g. ceannacháin)'*

Sa chéad fhoirm eile ('Tábla 7'), ba chóir na cainníochtaí de shubstaintí rialaithe nó de shubstaintí nua a fuarthas ar aon mhodh eile ó thír nó ó chríoch lasmuigh den AE a thuairisciú. Ina measc tá na

cainníochtaí uile isteach, m.sh. ceannacháin, earraí a tugadh ar ais agus aon mhodh eile ina bhfuarthas cainníochtaí isteach, is cuma ar íocaíocht nó saor in aisce.

Tabhair faoi deara go bhfuil Ballstáit áirithe ann a bhfuil críocha acu nach bhfuil san AE (e.g. Manainn, an Ghraonlainn, Polainéis na Fraince agus a lán eile). Ní mór aon earraí a fuarthas ó na críocha sin a thuairisciú anseo freisin.

Sa chás sin, ba chóir an nós imeachta custaim a thabhairt le fios. Tá cúig rogha sa liosta anuas:

a) Saorchúrsaíocht: Scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, úsáid shonrach (úsáid deiridh) san áireamh

b) Ath-onnmhairiú: Stórasú custaim, nós imeachta saorchreasa, stóráil shealadach

c) Próiseáil isteach etc.

d) Ath-allmhairiú: Ath-allmhairiú faoin nós imeachta próiseála amach etc.

e) Idirthuras: Idirthuras agus tras-seoladh.

Ba chóir tíortha nach bhfuil san AE a shonrú freisin ach ní theastaíonn aon sonraí breise faoin gcuideachta a tháirg na cainníochtaí sin.



Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

**Ozone-Depleting Substances Report**

Introduction | Company details | Substances

Table 3 | Table 4 | Table 5 | Table 6 | Table 7 | Table 8 | Table 9 | Table 10 | Table 11 | Table 12 | Table 13 | Table 14 | Finish

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

**8. Total stocks**

(all quantities in kilograms, do not use any commas, points or spaces, indicate quantities of non-virgin materials separately)

| Total stocks at the beginning / end of reporting year | CFC-11 (virgin) | CFC-13 (non-virgin) | CFC-113 (virgin) |
|---|---|---|---|
| At 01 January free release | 444 | 23432 | 444 |
| Comments | Click on the te | Click on the te | Click on the te |
| At 01 January customs bondage | 4 | 22 | 12 |
| Comments | Click on the te | Click on the te | Click on the te |
| At 01 January for destruction | 5 | 23423 | 234 |
| Comments | Click on the te | Click on the te | Click on the te |
| **Total on 1 January** | **453** | **46877** | **690** |
| At 31 December free release | 1 | 12 | 2 |
| At 31 December customs bondage | 2 | 234 | 12 |
| At 31 December destruction | 3 | 324 | 3 |
| **Total on 31 December** | **6** | **570** | **17** |
| **Stocks consumed** | **447** | **46307** | **673** |

Previous form | Next form

Save | Save & close | Cancel | Print preview | Run QA

*Tábla 8: 'Stoic iomlána'*

I dTábla 8, tabhair sonraí faoi na stoic a bhí i do sheilbh agat an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig den bhliain tagartha. Ní mór na stoic a mhiondealú de réir na stoc a thagann faoi bhearta rialaithe custaim

(e.g. stoic i dtrádstórais chustaim, i saorchriosanna, in idirthuras etc.) agus na stoc nach dtagann faoi na srianta sin (i.e. stoic is féidir a bhogadh gan bhac san AE). Thairis sin, ní mór stoic de shubstaintí a dhíothófar ar leithligh a thabhairt le fios.

Tabhair faoi deara go n-aimseoidh an córas aon mhíréireachtaí idir an tuairisciú agus bliain X-1. Sna cásanna sin, osclóidh fuinneog teachtaireachta ar an scáileán agus iarrfar ort nóta tráchta a scríobh faoin gcúis leis an difear sin. Is féidir nóta tráchta a scríobh sa réimse faoi bhun gach cille.




*Tábla 8: 'Míréireacht i dtuairisciú na stoc'*



Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

Ozone-Depleting Substances Report

Introduction | Company details | Substances

Table 3 | Table 4 | Table 5 | Table 6 | Table 7 | Table 8 | Table 9 | Table 10 | Table 11 | Table 12 | Table 13 | Table 14 | Finish

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

9. Stocks for selected uses held by producers

(all quantities in kilograms, do not use any commas, points or spaces, indicate quantities of non-virgin materials separately)

| Stocks reported in table 8 resulting from production in the reporting year: | CFC-11 (virgin) | CFC-13 (non-virgin) | CFC-113 (virgin) |
|---|---|---|---|
| At 31 December for feedstock use in EU | 22 | 55 | 66 |
| At 31 December feedstock use outside EU | 11 | 33 | 88 |
| **At 31 December total** | **NaN** | **NaN** | **NaN** |

Previous form | Next form

Save | Save & close | Cancel | Print preview | Run QA

*Tábla 9: 'Stoic i seilbh táirgeoirí le húsáid chun críocha ar leith'*

Baineann an chéad fhoirm eile (Tábla 9) le stoic atá i seilbh táirgeoirí le húsáid chun críocha ar leith.

Tabhair le fios sa tábla seo an chuid sin de na stoic a tuairiscíodh i dTábla 8 a bhí i do sheilbh an 31 Nollaig den bhliain tagartha agus a d'eascair as táirgeadh a rinneadh le linn na bliana tagartha. Beidh ort na cainníochtaí sin a mhiondealú de réir na stoc le húsáid mar bhunábhar san AE agus na stoc le húsáid mar bhunábhar lasmuigh den AE.

Níor chóir aon stoic a d'eascair as táirgeadh sna blianta roimhe sin a áireamh sa tábla seo.



Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

Ozone-Depleting Substances Report

Introduction | Company details | Substances

Table 3 | Table 4 | Table 5 | Table 6 | Table 7 | Table 8 | Table 9 | Table 10 | Table 11 | Table 12 | Table 13 | Table 14 | Finish

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

10. Placing on the EU market during the reporting year (sales etc.)

(all quantities in kilograms, do not use any commas, points or spaces, indicate quantities of non-virgin materials separately)

*To start select a use by clicking on the "Add" button below.*

| Recipient | Use | CFC-11 (virgin) | CFC-13 (non-virgin) | CFC-113 (virgin) |
|---|---|---|---|---|
| Company D; Street no 1; Latvia | destruction | 12 | 22 | 22 |
| | critical uses | 1 | 2 | 3 |
| | **Total** | **13** | **24** | **25** |

Add new row

Use type: to ODS producers* — Other

Company name — Company address — Country

Add | Cancel

Previous form | Next form

Save | Save & close | Cancel | Print preview | Run QA

*Tábla 10: 'Cur ar mhargadh an AE sa bhliain tagartha (díolacháin etc.)'*

I dTábla 10, beidh ort na cainníochtaí a chuir do chuideachta ar mhargadh an AE le linn na bliana tagartha a thabhairt le fios. I gcás úsáidí áirithe (a bhfuil réiltín ag dul leo) beidh ort ainm agus seoladh

iomlán an ghnóthais a fuair soláthairtí uait a thabhairt. Má bhí tú i do sholáthróir ag níos mó ná gnóthas amháin, beidh ort rónna a chur leis an tábla. Seo roinnt samplaí de na cásanna sin: 'díothú', 'úsáid mar bhunábhar', 'úsáid mar oibreán próisis', 'gnóthas athphacáistithe san AE', 'gnóthas athúsáide SÍÓnna' agus 'úsáidí eile'. Déan cinnte de gurb ionann na cainníochtaí a thabharfaidh tú le fios anseo agus na cainníochtaí atá tuairiscithe agat i gcodanna eile den cheistneoir. Má roghnaigh tú 'díothú' mar úsáid, déan cinnte de gurb ionann an chuideachta agus an tsaoráid díothúcháin féin (nach bailitheoir dramhaíola idirghabhálach í).

Is féidir ró a scriosadh ach na cnaipí lúide ('-') a bhrú ag deireadh an ró.

I dTábla 11, beidh ort na cainníochtaí de shubstaintí rialaithe nó de shubstaintí nua a onnmhairíodh chuig tír nó chuig críoch lasmuigh den AE a thuairisciú. Ina measc tá na cainníochtaí uile amach, m.sh. díolacháin, earraí a tugadh ar ais agus aon mhodh eile inar cuireadh cainníochtaí amach, is cuma ar íocaíocht nó saor in aisce.

Tabhair faoi deara go bhfuil Ballstáit áirithe ann a bhfuil críocha acu nach bhfuil san AE (e.g. Manainn, an Ghraonlainn, Polainéis na Fraince agus a lán eile). Ní mór aon earraí a onnmhairíodh chuig na críocha sin a thuairisciú anseo freisin.

Ar an gcuma chéanna, beidh ort roinnt sonraí bunúsacha a thabhairt faoi na tíortha sin ar onnmhairíodh na cainníochtaí sonracha chucu agus faoi na cineálacha úsáidí.

.


Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

Ozone-Depleting Substances Report

Introduction | Company details | Substances

Table 3 | Table 4 | Table 5 | Table 6 | Table 7 | Table 8 | Table 9 | Table 10 | Table 11 | Table 12 | Table 13 | Table 14 | Finish

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

11. Exports to countries and territories outside EU

(all quantities in kilograms, do not use any commas, points or spaces, indicate quantities of non-virgin materials separately) (One line per destination country. Add lines as necessary if you have more than one destination country)

*To start select a use by clicking on the "Add" button below.*

| Use | Destination country | CFC-11 (virgin) | CFC-13 (non-virgin) | CFC-113 (virgin) | |
|---|---|---|---|---|---|
| lab uses | Angola | 12 | 14 | 16 | - |
| feedstock | Bahrain | 18 | 20 | 21 | - |
| | Total | 30 | 34 | 37 | |

Add new row

Use type: process agent

Other

Country: Australia

Add | Cancel

Previous form | Next form

Save | Save & close | Cancel | Print preview | Run QA

*Tábla 11: 'Onnmhairiú chuig tíortha agus críocha lasmuigh den AE'*

Ba chóir gach eolas faoin úsáid mar bhunábhar agus faoin úsáid mar oibreán próisis a thabhairt i dTábla 12. Roghnaigh an iontráil a fhreagraíonn don úsáid mar bhunábhar nó don úsáid mar oibreán próisis a rinne tú. Mura bhfuil an próiseas úsáide sin mar bhunábhar ar an liosta, roghnaigh 'Úsáid eile mar bhunábhar' agus tabhair sonraí faoin bpróiseas sa bhosca tráchta. Tabhair faoi deara go mbeidh ort an tsubstaint rialaithe agus an ceimiceán sonrach a táirgeadh a thabhairt le fios. Maidir leis an gceimiceán a táirgeadh, beidh ort Uimhir CAS a thabhairt freisin. Ní ghlacfar le tuairiscí cineálacha (e.g. salann bróiminithe, comhábhar gníomhach cógaisíochta).

Tabhair sonraí faoin déanamh agus faoi na hastaíochtaí a bhaineann le gach próiseas ar leith. Maidir leis an déanamh, tabhair an chainníocht iomlán den tsubstaint rialaithe (úríon nó neamh-úríon) nár úsáideadh sa timthriall próisis cheana (i.e. a tháinig as stoic a tuairiscíodh i réimse 205 (a) agus an chainníocht iomlán a cuireadh mar ábhar nua leis an timthriall próisis le linn na bliana tagartha. Maidir leis na hastaíochtaí, tabhair na cainníochtaí de na substaintí rialaithe a astaíodh san aer, san ithir nó san uisce le linn na bliana tagartha. Beidh ort gach astaíocht a áireamh, is cuma an le linn stórála nó le linn an timthrialla próisis a astaíodh iad. Cuimsíonn sé sin gach cineál astaíochta, m.sh. astaíochtaí teifeacha nó sceitheadh de thaisme. Ní féidir astaíochtaí ó phróisis tionsclaíochta a sheachaint agus meastar, dá bhrí sin, gur beag seans atá ann nach n-astófaí aon rud le linn úsáide mar bhunábhar nó mar oibreán próisis. Ní ghlacfar le tuairisc 0 ná le tuairisc ar líon an-íseal astaíochtaí, dá bhrí sin.

Beidh ort na cainníochtaí a mheastar a bheidh ann an bhliain dar gcionn a thabhairt le fios freisin.


Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

## Ozone-Depleting Substances Report

Introduction | Company details | Substances

Table 3 | Table 4 | Table 5 | Table 6 | Table 7 | Table 8 | Table 9 | Table 10 | Table 11 | Table 12 | Table 13 | Table 14 | Finish

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

### 12. Feedstock and process agent use within the reporting undertaking

**(all quantities in kilograms, do not use any commas, points or spaces, indicate quantities of non-virgin materials separately)**

*To start select a process by clicking on the "Add" button below.*

| Processes | | CFC-11 (virgin) | CFC-13 (non-virgin) | CFC-113 (virgin) | |
|---|---|---|---|---|---|
| PAU HCFC replacing CFC or CTC in processes a-g: sadas | Make-up | Non-negative | Non-negative | Non-negative | - |
| | Estimation next year | Estimate for t | Estimate for t | Estimate for t | |
| | Emission | Non-negative | Non-negative | Non-negative | |
| | Estimation next year | Estimate for t | Estimate for t | Estimate for t | |
| FDST CFC-11 - Purified graphite | Make-up | 123 | Non-negative | Non-negative | - |
| | Estimation next year | 22 | Estimate for t | Estimate for t | |
| | Emission | 22 | Non-negative | Non-negative | |
| | Estimation next year | 1 | Estimate for t | Estimate for t | |
| | **Total Make-up** | **123** | **0** | **0** | |
| | **Total Emission** | **22** | **0** | **0** | |

Add

Provide here any further comments or explanations about feedstock and process agent use.

Previous form | Next form

Save | Save & close | Cancel | Print preview | Run QA

*Tábla 12: 'Úsáid mar bhunábhar agus mar oibreán próisis laistigh den ghnóthas atá ag tuairisciú'*

Tabhair faoi deara go mbeidh ort na cainníochtaí a d'ídigh do chuideachta in úsáid eile (nach úsáid mar bhunábhar ná mar oibreán próisis í) a thabhairt le fios i *dTábla 13*. Beidh ort Tábla 13 a líonadh isteach má d'úsáid do ghnóthas substaintí rialaithe nó substaintí nua in úsáidí eile nach úsáidí mar bhunábhar ná mar oibreán próisis iad.




*Tábla 13: 'Úsáid laistigh den ghnóthas atá ag tuairisciú seachas úsáid mar oibreán próisis nó mar bhunábhar'*

Baineann Tábla 14 leis an méid substaintí a dhíothaigh do ghnóthas le linn na bliana tagartha (bliain an idirbhirt). Beidh ort an tábla seo a líonadh isteach más táirgeoir thú agus má tá saoráid díothúcháin agat ina ndíothaítear substaintí rialaithe nó substaintí nua a thig as do ghnóthas féin nó má tá saoráid díothúcháin agat ina ndíothaítear substaintí rialaithe a thig as gnóthais eile.

Beidh ort an cnaipe 'Cuir leis' a bhrú chun tús a chur leis an tuairisciú san fhoirm seo. Beidh ort sonraí a thabhairt freisin faoin teicneolaíocht nó faoi na teicneolaíochtaí a úsáideadh chun an dramhaíl a dhíothú.



Language: BG CS DA DE EL EN ES ET FI FR HU IT LT LV MT NL PL PT RO SK SL SV

**Ozone-Depleting Substances Report**

Introduction | Company details | Substances

Table 3 | Table 4 | Table 5 | Table 6 | Table 7 | Table 8 | Table 9 | Table 10 | Table 11 | Table 12 | Table 13 | Table 14 | Finish

Company id **ods30000** Company name **Business Reporter Testing Ltd** Transaction year **2013**

**14. Quantities destroyed in your facility**

**Report only quantities destroyed by your facility. Quantities sent for destruction elsewhere need to be reported in table 10.(all quantities in kilograms, do not use any commas, points or spaces)**

*To start select a destruction by clicking on the "Add" button below.*

| Destruction technology | CFC-11 (virgin) | CFC-13 (non-virgin) | CFC-113 (virgin) | |
|---|---|---|---|---|
| Gaseous/fume oxidation (all contolled substances except BCM, HBFC, MB) | 122 | Non-negative in | 444 | - |
| Nitrogen plasma arc (all controlled substances except BCM, Halons, HBFC, MB) | | 222 | | - |
| **Total** | **122** | **222** | **444** | |

Add new row

Destruction technology: Other destruction technology (only BCM, HBFC, MB) (specify in comments field)

Other

Add | Cancel

Previous form | Next form

Save | Save & close | Cancel | Print preview | Run QA

*Tábla 14: 'Cainníochtaí a díothaíodh i do shaoráid'*

Nuair a bheidh *Tábla 14* líonta isteach agat, beidh tú réidh leis an gcuid sin den cheistneoir a bhaineann leis an tuairisciú féin. San fhoirm 'Críochnaigh' is féidir an bosca tráchta a úsáid chun nótaí tráchta nó soiléirithe breise a measann tú a bhfuil gá leo, nó atá ábhartha, a chur isteach.

Leis an tuairisc a chríochnú, beidh ort a dheimhniú gur ionadaí thú atá údaraithe thar ceann an ghnóthais agus go bhfuil gach eolas a thug tú fíor, cruinn agus iomlán (chomh fada le d'eolas):




*'Deimhnigh go bhfuil sé ceart'*

Beidh an ceistneoir críochnaithe agat roimh an gcéim seo den phróiseas, agus beidh an fhoirm seo a leanas ar taispeáint. Is féidir cliceáil ar an gcnaipe 'Réamhamharc cló' chun an achoimre den eolas atá tú a chur isteach a fheiceáil nó ar an gcnaipe 'Cuir an measúnú cáilíochta i bhfeidhm' chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na tuairisce sula gcuirfidh tú isteach í.




*An ceistneoir a chríochnú*

Má tá an ceistneoir réidh agat le seoladh ní gá ach an cnaipe 'Lean ar aghaidh' a bhrú chun an clúdach a chur faoi bhráid CLIMA/EEA. Má tá tuilleadh comhairle uait faoi conas an clúdach a chur isteach trí chóras an BDR caith súil ar phríomh-lámhleabhar an BDR.

Is féidir leat an fhoirm a athoscailt má theastaíonn uait na sonraí a thuairiscigh tú sna céimeanna roimhe seo a athbhreithniú/a athrú.